2019. S34T 2019J003A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2019

# Matamaitic

## Páipéar 1
## Ardleibhéal

Dé hAoine 7 Meitheamh
Tráthnóna 2:00 go dtí 4:30

300 marc

| Scrúduimhir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

| Iomlán Reatha | |
|---|---|

| Don Scrúdaitheoir | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| C. | Sc. | Sc. Comh. | C. | Sc. | Sc. Comh. |
| 1 | | | 11 | | |
| 2 | | | 12 | | |
| 3 | | | 13 | | |
| 4 | | | 14 | | |
| 5 | | | | | |
| 6 | | | | | |
| 7 | | | | | |
| 8 | | | Iomlán | | |
| 9 | | | Bónas | | |
| 10 | | | Móriom. | | |

| Grád |
|---|
| |

## Treoracha

Tá 14 cheist ar an scrúdpháipéar seo.  Freagair **gach** ceist.

Ní gá go bhfuil na ceisteanna ar aon mharc.  Moltar uasmhéid ama do gach ceist anseo chun cabhrú leat do chuid ama a roinnt go cuí le linn an scrúdaithe seo.  Má chloíonn tú leis na hamanna seo, beidh thart ar 10 nóiméad fágtha agat chun súil a chaitheamh siar ar do chuid oibre.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo.  Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanfaidh tú é sin.  Tá spás d'obair bhreise ag cúl an leabhráin.  Is féidir páipéar breise a iarraidh ar an bhfeitheoir freisin.  Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

Tabharfaidh an feitheoir cóip den leabhrán *Foirmlí agus Táblaí* duit.  Caithfidh tú í a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe.  Níl cead agat do chóip féin a thabhairt isteach sa scrúdú.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura bhfuil obair thacaíochta san áireamh i do réitigh.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtugann tú na haonaid tomhais chuí sna freagraí, de réir mar a oireann.

Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura dtugann tú na freagraí san fhoirm is simplí, de réir mar a oireann.

Scríobh déanamh agus múnla d'áireamhá(i)n anseo:

| |
|---|
| |

**Ceist 1** **(5 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

Tá 85 mac léinn sa tríú bliain i scoil Liam.

**(a)** Déanann $\frac{2}{5}$ de na mic léinn sin Staidéar Gnó.

Oibrigh amach líon na mac léinn sin **nach** ndéanann Staidéar Gnó.

**(b)** Tá 26 mac léinn sa tríú bliain a dhéanann Ealaín. Oibrigh amach **céatadán** na mac léinn sa tríú bliain a dhéanann Ealaín. Bíodh do fhreagra ceart go dtí ionad deachúlach amháin.

Ba é 15:1 cóimheas na mac léinn leis na múinteoirí i scoil Liam.
D'fhostaigh an scoil múinteoir breise ach ní raibh aon athrú ar líon na mac léinn.
Ba é $a$:1 cóimheas nua na mac léinn leis na múinteoirí, áit a raibh $a \in \mathbb{Q}$.

**(c)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a thaispeáint cé acu ráiteas atá fíor.
Cuir tic i mbosca **amháin**. Tabhair sampla chun tacú le do fhreagra.

| $a > 15$ | $a = 15$ | $a < 15$ |
|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☐ |

Sampla:



reatha

**Ceist 2** **(10 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

**(a)** Scríobh síos ceithre fhachtóir $45$, seachas $1$ agus $45$.

Freagra: ☐ , ☐ , ☐ , ☐

**(b)** Slánuimhir is ea $n$, atá níos mó ná $1$. Níl aici ach dhá fhachtóir: $1$ agus $n$.
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a thaispeáint cén t-ainm a thugtar d'uimhir den chineál sin.
Cuir tic i mbosca **amháin**.

| ilchodach | príomhúil | cearnach |
|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☐ |

**(c)** Slánuimhir is ea $p$. Seachas $1$ agus $p$, is é $7$ an t-aon fhachtóir eile atá ag $p$.
Oibrigh amach luach $p$.

**(d)** Scríobh síos ceithre fhachtóir $12k + 8$, seachas $1$ agus $12k + 8$.
Ní mór dhá cheann de na fachtóirí a bheith i dtéarmaí $k$.

Freagra: ☐ , ☐ , ☐ , ☐

**Ceist 3** **(5 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

**(a)** Is é $56\ 000\ 000$ km, ar a laghad, an fad slí idir an Domhan agus Mars.
Scríobh an fad slí sin san fhoirm $a \times 10^n$ km, áit a mbeidh $1 \leq a < 10$ agus $n \in \mathbb{N}$.

**(b)** Is é $0{\cdot}0075$ cm trastomhas ribe gruaige duine, a bheag nó a mhór.
Scríobh an trastomhas sin san fhoirm $b \times 10^n$ cm, áit a mbeidh $1 \leq b < 10$ agus $n \in \mathbb{Z}$.

**(c)** Bhí Lewis ag tiomáint ag $90$ km san uair nuair a lig sé sraoth.
Agus sraoth á ligean aige, bhí a shúile dúnta ar feadh leathshoicind.
Oibrigh amach an méad méadar a thaistil sé le linn an ama sin.



| roimhe | leathanach | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**Ceist 4** **(10 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

**(a)** Is é $€52\ 460$ ioncam comhlán bliantúil Cháit.
**Baintear** $8{\cdot}5\%$ de sin mar ranníocaíochtaí pinsin.
Is é an méid atá fágtha ná ioncam **inchánach** Cháit.

**(i)** Oibrigh amach ioncam inchánach Cháit, tar éis na ranníocaíochtaí pinsin a bhaint.

Íocann Cáit cáin ioncaim ar a hioncam **inchánach** ag ráta $20\%$ ar an gcéad $€34\ 000$, agus $40\%$ ar an iarmhéid. Tá creidmheasanna cánach bliantúla aici ar fiú $€4200$ iad.

**(ii)** Oibrigh amach ioncam glan Cháit, tar éis cáin ioncaim a bhaint.

**(b)** 3 mhí ó shin, fuair Cáit bille cárta creidmheasa do €420.
Is é an ráta úis ar a cárta creidmheasa ná 2% sa mhí, agus iolraítear an t-ús go míosúil.
Níl aon chuid den bhille íoctha aici go fóill.

Oibrigh amach méid an bhille anois. Bíodh do fhreagra ina euro, ceart go dtí an cent is gaire.

**(c)** Cheannaigh Cáit gluaisrothar anuraidh.
Cailleadh 10% de luach an ghluaisrothair ón am a cheannaigh Cáit é.
Is é €12 150 luach an ghluaisrothair anois.

Oibrigh amach luach an ghluaisrothair nuair a cheannaigh Cáit é.



| roimhe | leathanach | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**Ceist 5** **(10 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

Is mar seo a leanas atá na tacair $A$, $B$, agus $C$:


Is é $A$ tacar iolraithe $2 = \{2, 4, \dots\}$
Is é $B$ tacar iolraithe $3 = \{3, 6, \dots\}$
Is é $C$ tacar iolraithe $4 = \{4, 8, \dots\}$.

**(a)** Scríobh síos uimhir atá in $A \cap B \cap C$.

Freagra:

**(b)** Mínigh cén fáth a bhfuil $C$ ina fho-thacar de $A$.

Taispeántar na tacair sin $A$, $B$, agus $C$ sa léaráid Venn thíos.
Tá 7 réigiún éagsúla sa léaráid Venn.




**(c)** Toisc go bhfuil $C$ ina fho-thacar de $A$, tá dhá réigiún sa léaráid Venn **nach bhfuil** baill ar bith iontu. Scríobh **X** i ngach ceann den dá réigiún sin sa léaráid Venn thuas.

**(d)** Tá baill ag gach ceann de na cúig réigiún eile sa léaráid Venn.


I n**gach ceann** de na cúig réigiún sin **sa léaráid Venn thuas**, scríobh ceann amháin de na baill atá sa réigiún sin.



| roimhe | leathanach | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**Ceist 6** **(20 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

Rith Poppy agus Ella rás 5 km. Taispeánann an graf simplithe thíos an t-am a thóg Ella chun $d$ km a rith le linn an ráis. Tá ceann de na pointí ar an ngraf marcáilte **A**. Tá fad an ráis ar an ais chothrománach. Dá bhrí sin, mar shampla, thóg Ella 26 nóiméad chun an 5 km iomlán a rith.




Taispeánann an tábla thíos an t-am iomlán a thóg Poppy agus Ella chun gach fad slí atá tugtha sa rás a rith.

**(a)** Bain úsáid as na figiúirí sa tábla, agus **tarraing** graf ar an léaráid thuas a thaispeánfaidh an t-am a thóg **Poppy** chun $d$ km a rith le linn an ráis, le haghaidh $0 \leq d \leq 5$ agus $d \in \mathbb{R}$.

**(b)** Bain úsáid as ghraf **Ella** chun an trí luach atá ar iarraidh a líonadh isteach sa tábla thíos.

| **Fad slí an ráis** (km) | **Am iomlán a thóg Poppy** (nóiméid) | **Am iomlán a thóg Ella** (nóiméid) |
|---|---|---|
| 1 | 5 | 4 |
| 2 | 10 | |
| 3 | 17 | |
| 4 | 24 | |
| 5 | 30 | 26 |

**(c)** Taispeáin **nach** seicheamh cearnach atá in amanna **Poppy** sa tábla.

**(d)** Thóg Ella 26 nóiméad chun an 5 km a rith. Oibrigh amach **meánluas** Ella sa rás.
Bíodh do fhreagra ina km san uair, ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.

**(e)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a thaispeáint céard a tharla do luas **Ella** tar éis 2 km, atá marcáilte **A** ar an ngraf. Cuir tic i mbosca **amháin**. Cosain do fhreagra.

| méadaíodh luas Ella | laghdaíodh luas Ella | níor athraigh luas Ella |
|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☐ |


Cosaint:

*Leanann an cheist seo ar aghaidh ar an gcéad leathanach eile.*



| roimhe | leathanach | reatha |
|---|---|---|
| | | |

Rith Ciarán an rás 5 km freisin. Tharraing sé an graf thíos a léiríonn an méid ama a thóg sé air chun $d$ km a rith le linn an ráis. Is líne cheartingearach an chuid sin de ghraf Chiaráin atá marcáilte **C**.




**(f)** Cén t-eolas a thugann cuid **C** dúinn faoi iompar reatha Chiaráin sa chuid sin den rás? Tabhair an oiread sonraí agus is féidir.

**(g)** Deir Breandán: "**Ní** thaispeánann graf Chiaráin an t-am iomlán mar **fheidhm** faid ($d$)." Tabhair cúis go bhfuil an ceart ag Breandán.


**Ceist 7** **(5 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

**(a)** Déan cur síos ar gach ceann de na tacair seo a leanas. Bí chomh sonrach agus is féidir.

**(i)** Tacar na n-uimhreacha nádúrtha, $\mathbb{N}$.

**(ii)** Tacar na slánuimhreacha, $\mathbb{Z}$.

**(b)** Déan graf den éagothromóid seo a leanas ar an uimhirlíne atá tugtha.


| **Éagothromóid** | **Uimhirlíne** |
|---|---|
| $-3 < x \leq 2$, áit a bhfuil $x \in \mathbb{R}$ |  |

**(c)** Agus ailgéabar á úsáid agat, réitigh an éagothromóid seo a leanas:

$$-7 < 8 - 3g \leq 11$$

**Ceist 8** **(5 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

Taispeántar sa léaráid Venn thíos an líon daoine i gclub óige ($U$) a sheinneann ceol ($C$) agus a imríonn spórt ($S$), áit a bhfuil $n \in \mathbb{N}$.




Oibrigh amach an líon **uasta** daoine a d'fhéadfadh a bheith sa chlub óige.

Freagra:

**Ceist 9** **(20 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

Scríobhann Gertie an seicheamh seo a leanas, a athfhilleann gach trí théarma:

$$3,\ \ 6,\ \ 4,\ \ 3,\ \ 6,\ \ 4,\ \ 3,\ \ \dots$$

Is é $3$ an $1$ú téarma.

**(a)** **(i)** Scríobh síos luach an $12$ú téarma.

Freagra: 

**(ii)** Oibrigh amach luach an $100$ú téarma sa seicheamh sin.

Freagra: 

**(b)** Déan cur síos ar conas a fhaightear luach an $n$ú téarma sa seicheamh, áit a bhfuil $n \in \mathbb{N}$, **gan** liosta a dhéanamh de na téarmaí go léir ón $1$ú théarma go dtí an $n$ú téarma.

*Leanann an cheist seo ar aghaidh ar an gcéad leathanach eile.*



| roimhe | leathanach | reatha |
|---|---|---|
| | | |

Rinne Gertie seicheamh $3, 6, 4, 3, 6, 4, 3, \ldots$ nuair a roghnaigh sí 3 chun bheith ina 1ú téarma, agus ina dhiaidh sin, nuair a d'úsáid sí **an riail seo**:

> Más **corruimhir** é téarma, iolraigh é faoi 2 chun an chéad téarma eile a fháil.
>
> Más **ré-uimhir** é téarma, suimigh 2 leis agus faigh leath den fhreagra chun an chéad téarma eile a fháil.

Mar shampla, toisc gur corruimhir é 3, is é an chéad téarma eile ná $2 \times 3$, arb é 6 é.

Toisc gur ré-uimhir é 6, is é an chéad téarma eile ná $\frac{1}{2} \times (6 + 2)$, arb é 4 é.

**(c)** Leanann seicheamh eile an **riail chéanna**, ach is é **8 an 1ú téarma**.
Oibrigh amach an chéad cheithre théarma eile sa seicheamh seo.

Freagra: 8 , ☐ , ☐ , ☐ , ☐

Oibriú amach:

2ú téarma $= \frac{1}{2} \times (8 + 2) =$

**(d)** Roghnaíonn Ahmed **2 mar 1ú téarma**, agus déanann sé seicheamh leis **an riail chéanna** á húsáid aige.

Luaigh céard is neamhghnách faoi sheicheamh Ahmed.
D'fhéadfadh sé bheith ina chabhair agat cuid de na téarmaí sa seicheamh a oibriú amach.

**(e)** I seicheamh eile ina bhfuil **an riail chéanna** á húsáid, is é **86 an 2ú téarma**. Oibrigh amach an **dá** luach éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ar an 1ú téarma sa seicheamh seo.

Freagra: ☐ , 86 , … **nó** ☐ , 86 , …

Oibriú amach:

**(f)** I gcás seicheamh eile a leanann **an riail chéanna**, tosaíonn sé leis an uimhir $\boldsymbol{k}$, ar **corruimhir** í.

Oibrigh amach an chéad trí théarma eile sa seicheamh seo.
Bíodh gach téarma ina fhoirm is simplí i dtéarmaí $k$.

Freagra: $k$ , ☐ , ☐ , ☐

Oibriú amach:




| roimhe | leathanach | reatha |
|---|---|---|
| | | |


**Ceist 10** **(10 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

**Tarraing** gach ceann den dá fheidhm seo a leanas san fhearann $-2 \leq x \leq 2$, le haghaidh $x \in \mathbb{R}$. Taispeáin do chuid oibre.

**Feidhm**: $y = 10x - 4x^2$




**Feidhm**: $y = 3^x$



**Ceist 11** **(5 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

Réitigh an chothromóid seo a leanas. Bíodh do fhreagra san fhoirm $\frac{m}{n}$ áit a mbeidh $m, n \in \mathbb{N}$.

$$\frac{3x+5}{2} + \frac{x-4}{3} = 16$$

**Ceist 12** **(10 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

**(a)** Fachtóirigh $a^2 - 16n^2$.

**(b)** Is ceann d'fhachtóirí $8x^2 + 45x - 18$ é $x + 6$.

**(i)** Fachtóirigh $8x^2 + 45x - 18$.

**(ii)** Scríobh síos slonn cearnach amháin in $x$, seachas $8x^2 + 45x - 18$, a bhfuil $x + 6$ mar fhachtóir aige.

Bíodh do fhreagra san fhoirm $ax^2 + bx + c$, áit a mbeidh $a, b, c \in \mathbb{R}$.

Freagra:

**(c)** Taispeáin go bhfuil $2y + 3$ ina fhachtóir ag $2y^3 - 9y^2 - 28y - 15$.



| roimhe | leathanach | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**Ceist 13** **(15 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

Tá Freda ag tosú ar chlár aclaíochta. Ba mhian léi a h-aschur cumhachta ($P$) a mhéadú.
Foirmle amháin le haghaidh $P$ is ea:

$$P = 36w + 62h + 1800$$

áit arb é $w$ meáchan Freda (ina chileagraim) agus arb é $h$ an airde (ina méadair) is féidir léi léim.

**(a)** Oibrigh amach luach $P$ áit a bhfuil $w = 70$ kg agus $h = 0{\cdot}65$ m.

Tar éis seachtain amháin, tá aschur cumhachta Freda ($P$) **méadaithe de 8**.
Níl aon athrú ar a meáchan ($w$).


**(b)** Oibrigh amach luach nua $h$ tar éis na seachtaine sin, ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.

Taispeántar sa ghraf thíos luach $P$ le haghaidh airdí éagsúla ($h$) nuair atá $w = 70$ kg.
Trasnaíonn an graf sin an $y$-ais nuair atá $P = 4320$, mar a thaispeántar.

**(c)** **Tarraing** graf a thaispeánfaidh luachanna $P$ le haghaidh airdí éagsúla ($h$) nuair atá $\boldsymbol{w = 80}$ **kg**, agus na haiseanna, na scálaí, agus an fhearann céanna á n-úsáid agat.

Luaigh ar an léaráid an luach ar $P$ ag an áit a dtrasnaíonn do ghraf an $y$-ais.

*Nóta*: ní thosaíonn an ais le $P$ ag $0$.




*Leanann an cheist seo ar aghaidh ar an gcéad leathanach eile.*



| roimhe | leathanach | reatha |
|---|---|---|
| | | |

Aimsíonn Freda foirmle eile le haghaidh aschur cumhachta. Cuireann sí an dá fhoirmle ar comhionannas. Tugann sé sin an t-ionannas seo a leanas, áit arb é $f$ airde Freda (ina méadair):

$$60w + 80h - 15f - 1300 = 36w + 62h + 1800$$

**(d)** Bain úsáid as sin chun $h$ a scríobh i dtéarmaí $w$ agus $f$.

Freagra: $h =$

**Ceist 14** **(10 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

Seo a leanas an chéad trí théarma i seicheamh:

| Téarma 1: | Téarma 2: | Téarma 3: |
|---|---|---|
| $6x - 3$ | $x^2 - 2x$ | $4x^2 + 3x$ |

**(a)** Líon isteach an tábla a leanas agus scríobh gach ceann de na **chéad difríochtaí** san fhoirm is simplí i dtéarmaí $x$.

| **An Chéad Difríocht 1: Téarma 2 – Téarma 1** | **An Chéad Difríocht 2: Téarma 3 – Téarma 2** |
|---|---|
| $x^2 - 2x - (6x - 3) =$ | |

**(b)** Taispeáin go bhfuil $2x^2 + 13x - 3 = 0$, más seicheamh líneach a dhéantar ag na téarmaí.

*Leanann an cheist seo ar aghaidh ar an gcéad leathanach eile.*



| roimhe | leathanach | reatha |
|---|---|---|
| | | |

**(c)** Réitigh an chothromóid $2x^2 + 13x - 3 = 0$.
Bíodh gach freagra ceart go dtí trí ionad dheachúlacha.

Freagra: [ ] agus [ ]

Leathanach le haghaidh obair bhreise.
Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.



| roimhe | leathanach | reatha |
| --- | --- | --- |
| | | |

An Teastas Sóisearach – Ardleibhéal

# Matamaitic – Páipéar 1

Dé hAoine 7 Meitheamh
Tráthnóna 2:00 go dtí 4:30